AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh um Chosaint Sonraí ar an Togra maidir le Rialachán maidir le táscairí geografacha an Aontais Eorpaigh maidir le fíon, deochanna biotáille agus táirgí talmhaíochta, agus scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta

(2022/C 454/04)

(Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil as Béarla, Fraincís agus Gearmáinis ar shuíomh gréasáin an MECS https://edps.europa.eu)

Ar an 2 Bealtaine 2022, ghlac an Coimisiún Eorpach Togra le haghaidh Rialacháin maidir le táscairí geografacha an Aontais Eorpaigh maidir le fíon, deochanna biotáille agus táirgí talmhaíochta, agus scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2017/1001 agus (AE) 2019/787 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ("an Togra").

Tá dhá sprioc ghinearálta an Togra: cosaint éifeachtach ar chearta maoine intleachtúla (IPR) san Aontas a chinntiú - lena n-áirítear próisis chlárúcháin éifeachtúla- luach saothair cothrom a thabhairt do tháirgeoirí as a gcuid iarrachtaí agus chun glacadh le Táscairí Geografacha (GInna) ar fud an Aontais a éascú.

Tugann an MECS dá aire go dearfach go gcinntear leis an Togra róil an Choimisiúin agus údarás inniúil na mBallstát maidir le próiseáil sonraí pearsanta sna nósanna imeachta faoin Togra seo.

Ag an am céanna, molann an MECS ról Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a léiriú go sainráite mar chomhrialaitheoir in éineacht leis an gCoimisiún Eorpach. Ina theannta sin, molann an MECS foráil a dhéanamh maidir le socrú mar a shamhlaítear le hAirteagail 28 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([1]) (RCSAE) agus/nó Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE ([2]) (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (RGCS). Maidir leis seo, molann an MECS cumhachtú don Choimisiún a chur san áireamh maidir le gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun socruithe mionsonraithe a chlúdach chun comhlíonadh riachtanais cosanta sonraí a chinntiú.

Molann an MECS na catagóirí éagsúla sonraí pearsanta atá le cur san áireamh sna doiciméid tacaíochta a ghabhann leis na hiarratais ar chlárú, freasúra agus tuairimí oifigiúla, sleachta as clár an Aontais agus an doiciméad aonair a aithint sa Togra féin. Ba cheart go léireodh an Togra freisin na himthosca agus/nó na coinníollacha inar gá na catagóirí de shonraí pearsanta a chur ar fáil go poiblí agus na cuspóirí lena n-aghaidh a shainiú go soiléir. Ina theannta sin, chun nochtadh sonraí pearsanta don phobal a theorannú, molann an MECS measúnú a dhéanamh ar cibé an mbeadh sé cuí nós imeachta a chur i bhfeidhm trína bhfuil rochtain ag daoine aonair amháin a léiríonn leas dlisteanach ar chatagóirí breise sonraí pearsanta, amhail sonraí teagmhála.

Ar deireadh, measann an MECS gur chóir údar breise a bheith leis an tréimhse choinneála sonraí a roghnaítear le haghaidh na ndoiciméad a bhaineann le tásca geografacha a chur ar ceal.

1. **RÉAMHRÁ**

1. Ar an 2 Bealtaine 2022, d'eisigh an Coimisiún Eorpach Togra maidir le Rialachan ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comharthaí geografacha an Aontais Eorpaigh maidir le fíon, deochanna biotáille agus táirgí talmhaíochta, agus scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2017/1001 agus (AE) 2019/787 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([3]) ("an Togra").

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
([2]) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.
([3]) COM(2022) 134 final.

2. Is iad cuspóirí ginearálta an Togra: a) cosaint éifeachtach Chearta Maoine Intleachtúla ('IPR') san Aontas a áirithiú, lena n-áirítear próisis chlárúcháin éifeachtúla agus, b) glacadh Táscairí Geografacha ('GInna') a mhéadú ar fud an Aontais ar mhaithe le geilleagar na tuaithe ([4]).

3. Dhéanfadh an Togra an creat reachtach reatha do GInna a mhodhnú chun na rialacha sin atá coitianta do gach earnáil a chomhchuibhiú, go háirithe na nósanna imeachta chun ainm a chlárú nó sonraíocht táirgí a leasú, chun na hainmneacha a chosaint, agus chun seiceálacha agus forfheidhmiú a chur i gcrích ([5]). Tugtar isteach ann freisin rannpháirtíocht Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ('EUIPO') sa nós imeachta clárúcháin. Go sonrach, cé go bhfanfadh an measúnú ar leibhéal náisiúnta leis na Ballstáit, chuirfeadh EUIPO cúnamh teicniúil ar fáil don Choimisiún le linn ghrinnscrúdú leibhéal an AE ar iarratais agus ar fhreasúra ([6])

4. Eisítear an Tuairim reatha ón MECS mar fhreagairt ar chomhairliúchán a rinne an Coimisiún Eorpach ar an 23 Bealtaine 2022, de bhun Airteagal 42(1) de RCSAE. Maidir leis seo, tugann an MECS cuireadh do na comhreachtóirí tagairt fhollasach don chomhairliúchán seo a chur san áireamh i gceann d'Aithrisí an Togra.

4. **CONCLÚIDÍ**

23. I bhfianaise an méid thuas, déanann an MECS an méid seo a leanas:

(1) cuireann sé fáilte roimh ainmniú sainráite rialaitheoirí i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta sna nósanna imeachta a leagtar síos leis an Togra;

(2) molann sé ról EUIPO a shainiú go sainráite mar 'chomhrialaitheoir' mar aon leis an gCoimisiún Eorpach faoi Airteagal 3 de réir bhrí Airteagal 28 RCSAE agus 26 RGCS.

(3) molann sé go ndéanfaí sa Togra na catagóirí sonraí pearsanta a shonrú atá riachtanach chun bainistiú ceart a dhéanamh ar nósanna imeachta clárúcháin, chun leasú agus cealú a dhéanamh ar tháscairí geografacha agus speisialtachtaí traidisiúnta a ráthaítear chun a chinntiú go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta teoranta don mhéid atá ábhartha go díreach agus is gá chun críocha sonraithe an Togra a chur i gcrích.

(4) molann sé go n-aithneofaí sa Togra cad iad na catagóirí sonraí pearsanta ba cheart a chur ar fáil go poiblí agus go ndéanfaí sainmhíniú soiléir ar na cuspóirí sin agus go sonrófaí ar cheart nós imeachta a shamhlú chun a chinntiú nach bhfuil rochtain ach ag daoine aonair a léiríonn leas dlisteanach ar chatagóirí breise sonraí pearsanta, amhail sonraí teagmhála.

(5) in éagmais tuilleadh údar, molann sé laghdú a dhéanamh ar an tréimhse choinneála shamhlaithe do dhoiciméadú a bhaineann le clárú GInna a chealú sa mhéid is go mbaineann sé le sonraí pearsanta.

An Bhruiséil, 18 Iúil 2022.

Wojciech Rafał WIEWIÓROWSKI

([4]) COM(2022) 134 final, lch. 2.
([5]) COM(2022) 134 final/2, lch. 4.
([6]) COM(2022) 134 final/2, lch. 10.